# Tuarascáil Bhliantúil an Choiste arna Cheapadh chun Faireachán a Dhéanamh ar Éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha

2013

## TEAGMHÁIL

Tá cóip den tuarascáil seo le fáil ar láithreán gréasáin an Gharda www.garda.ie agus ar láithreán gréasáin Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig www.iyjs.ie


Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána
An Garda Síochána
Cearnóg Fhearchair
Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

Teil: (01) 666 38 31/2/3/4
Facs: (01) 666 3827
Ríomhphost: youthdiversion@garda.ie

**BROLLACH**



**A Choimisinéir, a chara**

Mar Chathaoirleach ar an gCoiste Faireacháin a ceapadh faoi alt 44(1) d'Acht na Leanaí, 2001, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2013 a chur i láthair.

Léirítear sa tuarascáil gníomhaíochtaí an Choiste Faireacháin agus an Chláir Athstiúrtha i rith 2013, agus leagtar amach ann gníomhartha molta le haghaidh 2014.

Ba é 20,536 líon na n-atreorúchán chuig an gClár Athstiúrtha in 2013, agus atreoraíodh 10,420 leanbh ar leith chuig an gClár. Glacadh sa Chlár le 7,732 (74%) de na leanaí a atreoraíodh chuige.

Eisíodh 911 rabhadh faoin gClár tríd an gCeartas Aisiríoch in 2013. Leanfaimid d'úsáid an Cheartais Aisiríoch mar chuid den Chlár Athstiúrtha a chur chun cinn in 2014. Ina theannta sin, déanfar cleachtais aisiríocha a chur chun cinn mar bhealach oibre do gach duine gairmiúil atá freagrach as folláine leanaí agus daoine óga.

Ba é 2013 an dara bliain den dara Straitéis i leith na hÓige agus Leanaí de chuid an Gharda Síochána. Baineann an straitéis leis na blianta 2012-2014, agus an dá bhliain sin san áireamh.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha, an Ceannfort Colette Quinn, agus lena cuid foirne in Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána agus leis na hOifigigh Idirchaidrimh Óige ar fud na tíre as a dtiomantas, as a ndúthracht agus as an tsár-obair a rinne siad i rith 2013.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na comhaltaí eile ar Choiste Faireacháin Alt 44 – an tArd-Cheannfort Anne Marie McMahon, an tUasal Eddie D'Arcy, an tUasal John Cheatle, B.L., agus an Garda Monica Reilly, Rúnaí an Choiste, as a n-iarrachtaí agus as a ndúthracht i rith na bliana ar fad.

**Coimisinéir Cúnta**

**A.J. Nolan**

## CLÁR ÁBHAR


Brollach ........................................................................................................................ 3

Achoimre Feidhmeach ..................................................................................................... 5

An Clár Athstiúrtha ......................................................................................................... 6

Comhaltaí Reatha an Choiste ......................................................................................... 8

Struchtúr Eagrúcháin an Chláir Athstiúrtha ................................................................... 9

Oiliúint a chuirtear ar fail d'Oifigigh Idirchaidrimh Óige ............................................... 10

Atreorúcháin chuig an gClár Athstiúrtha ...................................................................... 11

Leanaí a atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha .......................................................... 13

Rabhaidh- Rabhaidh Fhoirmiúla agus Neamhfhoimiúla ................................................ 17

An Ceartas Aisiríoch ...................................................................................................... 18

Scéalta maidir leis an gCeartas Aisiríoch ...................................................................... 20

Ceartais Aisiríoch 2013 de reir Réigiúin agus Roinne ..................................................... 23

Leanaí a meastar iad a bheith mí-oiriúnach lena gcuimsiú sa Chlár Athstiúrtha ........................ 24

Cineálacha Coire as a atreoraíodh leanaí ina leith ........................................................ 26

Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána ........................................................ 27

Lathair Thionscadail Athstiúrtha Óigé an Gharda Síochána ar fud na Tíre .................................. 28

'Anailís ar annÓgchoireacht'-Torthaí Taighde a rinne Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána .... ..29

Tuairimí agus moltaí ...................................................................................................... 32

## ACHOIMRE FHEIDHMEACH

- Tháinig laghdú 15% ar an líon atreorúchán chuig an gClár Athstiúrtha Ógánach in 2013.

- Rinneadh líon iomlán de 20,536 theagmhas a atreorú chuig an gClár Athstiúrtha i rith 2013 i gcomparáid le 24,069 dteagmhas in 2012.

- Rinneadh líon iomlán de 10,420 leanbh ar leith a atreorú chuig an gClár, i gcomparáid le 12,246 leanbh in 2012.

- Glacadh sa Chlár Athstiúrtha le 7,732 (74%) de na leanaí a atreoraíodh, i gcomparáid le 9,105 (74%) in 2012.

- Réitíodh cás 5,188 (50%) leanbh trí bhíthin rabhadh neamhfhoirmiúil i gcomparáid le 6,265 (51%) leanbh in 2012.

- Réitíodh cás 2,544 (24%) leanbh trí bhíthin rabhadh foirmiúil i gcomparáid le 2,840 (23%) leanbh in 2012.

- Tá cinneadh ar feitheamh i gcás 449 (4%) leanbh, i gcomparáid le 671 (5%) leanbh in 2012.

- Níor ghá don Gharda Síochána aon ghníomh eile a ghlacadh i gcás 587 (6%) leanbh, i gcomparáid le 648 (5%) leanbh in 2012.

- Measadh nach raibh 1,652 (16%) leanbh oiriúnach lena gcuimsiú sa Chlár, i gcomparáid le 1,822 (15%) in 2012.

- Ba chailíní a bhí in 25% de na leanaí a atreoraíodh chuig an gClár agus ba bhuachaillí a bhí in 75% díobh. Is ionann na figiúirí sin agus figiúirí 2012.

- Leanadh d’fhorbairt a dhéanamh ar Chlár an Gharda Síochána um Cheartas Aisiríoch trína ndéantar cleachtas aisiríoch a chur chun cinn in idirghabhálacha athstiúrtha óige. Bhain Oifigigh Idirchaidrimh Óige leas as an gCeartas Aisiríoch i gcás 911 atreorúchán.

- Is iad goid agus cionta gaolmhara (27%), cionta a bhaineann le hOrd Poiblí (26%), agus damáiste do mhaoin agus don timpeallacht (11%) na trí phríomhchatagóir cionta inar atreoraíodh leanaí.

- Is ann do líon iomlán de 123 phost mar Oifigeach Idirchaidrimh Óige lena n-áirítear 8 Sáirsintí. Is ionann na figiúirí sin agus figiúirí 2012.

## AN CLÁR ATHSTIÚRTHA

I gcás ina bhfuil duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois freagrach as coir, is féidir an cás a láimhseáil ar dhá bhealach:

1. féadtar rabhadh a chur ar an duine óg, nó
2. féadtar an duine óg a thabhairt os comhair na cúirte.

Ní mór machnamh a dhéanamh ar rabhadh a chur ar dhuine óg roimh é nó í a thabhairt os comhair na cúirte. Is é is rabhadh ann ná foláireamh ó Oifigeach Idirchaidrimh Óige ón nGarda Síochána agus cuimsítear leis plé ar an gcoir. Is Ceannfort de chuid an Gharda Síochána in Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána a dhéanfaidh an cinneadh rabhadh a chur ar an duine óg nó é/í a ionchúiseamh. Tugtar an **Clár Athstiúrtha** ar an gclár malartach seo chun déileáil le daoine óga a dhéanann cion nó coir. Feidhmítear an clár seo faoi reachtaíocht faoi mar atá leagtha amach in Acht na Leanaí, 2001.

## CUIMSIÚ SA CHLÁR ATHSTIÚRTHA

Ní mór roinnt critéar a chomhlíonadh sular féidir a mheas go bhfuil duine óg oiriúnach chun rabhadh a chur air/uirthi agus chun é/í a chuimsiú sa Chlár Athstiúrtha.

Ní mór don duine óg na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- freagracht a ghlacadh as an gcion,
- toiliú go gcuirfí rabhadh air/uirthi,
- toiliú leis na téarmaí maoirseachta, nuair is cuí.

Is faoi Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha atá sé cinneadh a dhéanamh maidir le duine óg a bheith oiriúnach lena c(h)uimsiú sa Chlár Athstiúrtha. Féadfaidh an Stiúrthóir tuairimí a lorg ó íospartach ar bith agus an cinneadh sin á ghlacadh, ach is faoin Stiúrthóir féin atá sé an cinneadh deiridh a ghlacadh.

## CONAS A OIBRÍONN AN PRÓISEAS?

I ngach cás, déanfaidh Oifigeach Idirchaidrimh Óige (OIÓ) teagmháil leis an duine óg, agus buailfidh an tOifigeach leis/léi chun an cion a phlé. Is féidir an cruinniú sin a dhéanamh i dteach an linbh nó i Stáisiún na nGardaí. Ní mór don leanbh agus dá thuismitheoir(í) nó dá chaomhnóir bheith i láthair. Le linn an phlé, beifear ag súil go ngeallfaidh an duine óg gan cion eile a dhéanamh as sin amach. Déanfaidh an OIÓ agus an teaghlach iarracht tacú le cibé iarrachtaí atá an duine óg toilteanach a dhéanamh ionas nach ndéanfaidh sé cion eile as sin amach. Is OIÓ, Cigire den Gharda Síochána nó an Ceannfort a thabharfaidh an rabhadh.

## CÉ A CHINNEANN CIBÉ ACU AN BHFUIL DUINE OIRIÚNACH NÓ NACH BHFUIL?

Is Ceannfort de chuid an Gharda Síochána in Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (ar a dtugtar Stiúrthóir an Chláir) a dhéanfaidh an cinneadh duine a chuimsiú sa Chlár Athstiúrtha. Agus an cinneadh sin á dhéanamh, féadfaidh an Stiúrthóir na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- Cineál an chiona
- Tuairimí an íospartaigh
- Leas na sochaí
- Tuairimí an Gharda a ghabh an duine óg
- Tuairimí an OIÓ
- Dearcadh agus tuairimí an duine óig a rinne an cion
- Tuairimí thuismitheoirí nó chaomhnóir an duine óig
- Leithscéal a bheith gafa nó gan a bheith
- Cibé acu an féidir nó nach féidir beart a ghlacadh chun aon damáiste a rinneadh a chur ina cheart
- Rannpháirtíocht an linbh roimhe sin sa chlár

## CÉARD IS MAOIRSEACHT ANN?

Nuair a thugtar rabhadh do dhuine óg, féadfar é/í a chur faoi mhaoirseacht an OIÓ ar feadh tréimhse 12 mhí. Is é an OIÓ a chinnfidh cineál na maoirseachta, agus bíonn an mhaoirseacht ag brath ar an gcás ar leith. Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh ar an duine óg toiliú páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí áirithe, freastal ar thionscadal óige, nó d'fhéadfadh go mbeadh ar an duine óg teagmháil a dhéanamh leis an OIÓ nó le Garda eile ar ócáidí áirithe.

## COMHALTAÍ AGUS TÉARMAÍ TAGARTHA AN CHOISTE

Déantar foráil in alt 44 d'Acht na Leanaí, 2001, do cheapadh Coiste chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha.

Is iad seo a leanas téarmaí tagartha an Choiste:

- faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha.
- athbhreithniú a dhéanamh ar gach gné dá fheidhmiú.
- faireachán a dhéanamh ar riachtanais oiliúna leanúnaí uile na n-éascaitheoirí.
- tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid Choimisinéir an Gharda Síochána maidir lena ghníomhaíochtaí i rith na bliana.

Is iad seo a leanas tascanna an Choiste:

- féachaint ar bhainistiú agus ar sheachadadh éifeachtach an Chláir Athstiúrtha.
- na dea-chleachtais i riar an Chláir a shainaithint.
- na dea-chleachtais a mheas maidir le hoiliúint éascaitheoirí agus faireachán a dhéanamh ar sheachadadh na hoiliúna.
- modheolaíochtaí a chur i bhfeidhm chun éifeachtacht an Chláir a mheasúnú agus a thomhas.

Is iad seo a leanas comhaltaí reatha an Choiste:

- An Coimisinéir Cúnta Jack Nolan, Cathaoirleach
- An tArd-Cheannfort Anne Marie McMahon
- An tUasal Eddie D'Arcy
- An tUasal John Cheatle BL

## COMHALTAÍ REATHA AN CHOISTE



Tá **an Coimisinéir Cúnta Jack Nolan** freagrach as an Oifig Forbartha Eagraíochta agus Pleanála Straitéisí i gCeanncheathrú an Gharda Síochána, agus tá sé freagrach freisin as Réigiúin an Oir-Dheiscirt. Roimhe seo, bhí sé ina Choimisinéir Réigiúnach i Réigiún an Iarthair, ina Stiúrthóir ar Oiliúint agus ar Fhorbairt i gColáiste an Gharda Síochána, agus ina Cheannaire ar an Rannóg um Bainistíocht Athruithe i gCeanncheathrú an Gharda Síochána

- PhD in Athrú Eagraíochtúil le Cuidiú TF – Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- MSc i Léann an Cheartais Choiriúil – Ollscoil Leicester
- BSc san Eolaíocht Shóisialta – an Ollscoil Oscailte
- Dioplóma san Eolaíocht Shóisialta Fheidhmeach – an Ollscoil Oscailte
- Dioplóma Feidhmiúcháin sa Straitéis agus sa Nuálaíocht – MIT, Bostún, SAM.



Tá **an tArd-Cheannfort Anne Marie McMahon** freagrach as Biúró an Gharda Síochána don Chaidreamh Pobail i gCearnóg Fhearchair, lena gcuimsítear Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána. Ina theannta sin, is í an Stiúrthóir reatha ar an Oiliúint í i gColáiste an Gharda Síochána sa Teampall Mór. Bhí sí ina Ceannfort roimhe seo i Stáisiún Gardaí Bhóthar Roxboro i gCathair Luimnigh.




Oibrí gairmiúil don aos óg is ea **Eddie D'Arcy** agus tá breis agus 35 bliana de thaithí aige. Ina measc siúd, chaith sé 15 bliana ina bhainisteoir ar Sheirbhís don Aos Óg Bhaile Uí Rónáin agus 6 bliana ina Cheannaire ar Sheirbhísí don Aos Óg le Cúram don Óige Chaitliceach. Ba é a d'fhorbair an chéad Togra Athstiúrtha Óige de chuid an Gharda Síochána (GRAFT). Is léachtóir anois é sa Cheartas i leith an Aosa Óig in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, agus bíonn sé ag obair freisin mar shainchomhairleoir neamhspleách ar an obair don aos óg.



Fuair **an tUasal John Cheatle, BL**, a chuid oideachais sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus in Óstaí an Rí. Glaodh chun an Bharra air in 1994 agus bíonn sé ag obair i réimsí an tearmainn, an athbhreithnithe bhreithiúnaigh, dhlí na tráchtála, agus díobhálacha pearsanta. Fuair sé oiliúint mar idirghabhálaí creidiúnaithe san Ionad um Réiteach Éifeachtach Díospóidí agus tá spéis ar leith aige sa cheartas aisiríoch agus in idirghabháil idir íospartaigh agus ciontóirí. Tá sé ina chomhalta de Chóras Eadrána an CLG, agus bhíodh sé ina chomhalta freisin de chomhairle Chumann Idirghabhála Tráchtála na hÉireann.

## STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN AN CHLÁIR ATHSTIÚRTHA



## OILIÚNT A CHUIRTEAR AR FÁIL D'OIFIGIGH IDIRCHAIDRIMH ÓIGE

In Acht na Leanaí, 2001, cuirtear dualgas ar Choimisinéir an Gharda oiliúint a chur ar fáil dóibh siúd lena mbaineann éascú an Chláir Athstiúrtha. Cuireann an Garda Síochána sainoiliúint ar fáil d'Oifigigh Idirchaidrimh Óige (OIÓnna), lena n-áirítear na gnéithe seo a leanas:

### 1. Oiliúint Ionduchtúcháin OIÓnna

Cuirtear oiliúint ionduchtúcháin ar Ghardaí a gceaptar iad ina nOifigigh Idirchaidrimh Óige. Dírítear san oiliúint sin ar na dualgais dhlíthiúla agus reachtúla a bhaineann leis an ról. Áirítear leis an oiliúint teagasc maidir leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta i réimse an cheartais ógánach mar aon le treoir maidir leis na próisis agus na nósanna imeachta riaracháin atá le glacadh nuair atá teagmháil á déanamh le ciontóirí óga.

### 2. Oiliúint Idirghabhála

Cuirtear oiliúint i scileanna agus i dteicnící réitigh coinbhleachta ar Oifigigh Idirchaidrimh Óige. San oiliúint sin, dírítear ar phróiseas na hidirghabhála chun an chumarsáid a fheabhsú, mothúcháin a mhaolú, agus caidrimh a chothú. Clár oiliúna creidiúnaithe seasca uair an chloig atá ann agus, faoi Acht na Leanaí, 2001, tá sé riachtanach d'OIÓnna tabhairt faoi.

### 3. Oiliúint i Scileanna Éascaitheora maidir leis an gCeartas Aisiríoch

Teoiric den cheartas ina ndírítear ar an íospartach agus ar an bpobal is ea an Ceartas Aisiríoch. Leagtar béim ann ar an díobháil a dhéantar nó a nochtar le hiompar coiriúil a dheisiú.


Sa Tuarascáil Deiridh ón gCoimisiún Náisiúnta um Cheartas Aisiríoch (2009), tugtar an míniú seo a leanas ar an gceartas aisiríoch: *"freagairt ar chiontú coiriúil atá íogair i leith an íospartaigh, ag a bhfuil sé de rún, trí dhul i gcomhairle leo siúd atá thíos le coir, an díobháil a rinneadh d'íospartaigh agus do phobail a chur ina ceart, agus a éascaíonn athshlánú an chiontóra agus a chomhtháthú isteach sa tsochaí."*

Déanann Oifigigh Idirchaidrimh Óige cúrsa creidiúnaithe trí lá maidir le Cleachtais Aisiríocha. Ar an gcúrsa sin, soláthraítear na scileanna d'OIÓnna chun rabhaidh aisiríocha a éascú agus chun cleachtais aisiríocha a úsáid san idirchaidreamh a bhíonn acu le ciontóirí óga.

## ATREORÚCHÁIN CHUIG AN gCLÁR ATHSTIÚRTHA

Eisíodh 20,536 atreorúchán in 2013, líon a bhí 15% ní ba lú ná an 24,069 atreorúchán a eisíodh in 2012.

**Fíor 1 - Líon na gCásanna a atreoraíodh 2007-2013**





**Fíor 2 – Cinntí i gCásanna mar chéatadán de líon iomlán na n-atreorúchán (2013)**

| Moladh | Líon iomlán | % |
|---|---|---|
| Mí-oiriúnach don Chlár Athstiúrtha | 7,171 | 35% |
| Rabhadh Neamhfhoirmiúil | 6,618 | 32% |
| Rabhadh Foirmiúil | 4,254 | 21% |
| Rabhadh Aisiríoch | 911 | 4% |
| Gan Gníomh Breise | 774 | 4% |
| Eile* | 808 | 4% |
| Líon Iomlán | 20,536 | 100% |

**Áirítear leis sin iarratais ar fhaisnéis bhreise*

Bhí 35% de na moltaí ar atreorúchán Mí-oiriúnach don Chlár Athstiúrtha, ba Rabhaidh Neamhfhoirmiúla a bhí in 32% díobh, agus ba Rabhaidh Fhoirmiúla a bhí in 21% díobh.

**Fíor 3 – Cinntí i gCásanna mar chéatadán de líon iomlán na n-atreorúchán 2012-2013**




** Áirítear leis sin iarratais ar fhaisnéis bhreise*

Tháinig méadú ar chomhréir na gcinntí maidir le ‘Mí-oiriúnach don Chlár Athstiúrtha’ agus tháinig laghdú ar chomhréir na Rabhadh Foirmiúil idir 2012 agus 2013.

## ATREORÚCHÁIN CHUIG AN gCLÁR ATHSTIÚRTHA

**Tábla 1 – Líon na nAtreorúchán in 2013 de réir Réigiúin agus Roinne**

| 2013 Réigiún / Roinn | Iomlán | % an Athraithe 2012 | Mí-oiriúnach | Rabhadh Neamh-fhoirmiúil | Rabhadh Foirmiúil | Rabhadh Aisiríoch | Gan gníomh breise | Eile* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Réigiún Bhaile Átha Cliath** | **6,990** | **-18%** | **3,040** | **1,795** | **1,354** | **254** | **286** | **261** |
| Roinn an Oirthir | 760 | -2% | 299 | 215 | 133 | 11 | 34 | 68 |
| An Roinn Láir Thuaidh | 661 | -21% | 374 | 120 | 87 | 28 | 23 | 29 |
| An Roinn Thuaidh | 1,500 | -28% | 665 | 338 | 282 | 136 | 53 | 26 |
| An Roinn Láir Theas | 483 | -9% | 223 | 128 | 64 | 12 | 38 | 18 |
| An Roinn Theas | 1,679 | -12% | 725 | 502 | 319 | 6 | 64 | 63 |
| Roinn an Iarthair | 1,907 | -18% | 754 | 492 | 469 | 61 | 74 | 57 |
| **Réigiún an Oirthir** | **2,833** | **-6%** | **941** | **978** | **601** | **103** | **90** | **120** |
| Cill Dara | 591 | -19% | 117 | 248 | 141 | 5 | 31 | 49 |
| Laois/Uíbh Fhailí | 547 | 4% | 149 | 229 | 110 | 28 | 15 | 16 |
| An Mhí | 757 | 29% | 354 | 180 | 158 | 29 | 14 | 22 |
| An Iarmhí | 421 | -17% | 161 | 115 | 99 | 25 | 10 | 11 |
| Cill Mhantáin | 517 | -21% | 160 | 206 | 93 | 16 | 20 | 22 |
| **Réigiún an Tuaiscirt** | **1,893** | **-20%** | **521** | **738** | **421** | **81** | **47** | **85** |
| An Cabhán/Muineachán | 449 | -27% | 68 | 216 | 112 | 18 | 11 | 24 |
| Dún na nGall | 495 | -27% | 50 | 220 | 155 | 36 | 11 | 23 |
| Lú | 641 | -14% | 320 | 158 | 101 | 18 | 13 | 31 |
| Sligeach/Liatroim | 308 | -6% | 83 | 144 | 53 | 9 | 12 | 7 |
| **Réigiún an Oirdheiscirt** | **2,368** | **-18%** | **742** | **825** | **473** | **144** | **84** | **100** |
| Cill Chainnigh/Ceatharlach | 572 | -21% | 147 | 255 | 88 | 17 | 30 | 35 |
| Tiobraid Árann | 612 | -8% | 206 | 176 | 138 | 43 | 17 | 32 |
| Port Láirge | 743 | -14% | 316 | 186 | 165 | 36 | 19 | 21 |
| Loch Garman | 441 | -32% | 73 | 208 | 82 | 48 | 18 | 12 |
| **Réigiún an Deiscirt** | **4,205** | **-13%** | **1,415** | **1,350** | **907** | **265** | **135** | **133** |
| Cathair Chorcaí | 1,183 | -22% | 528 | 328 | 210 | 62 | 34 | 21 |
| Corcaigh Thuaidh | 592 | -10% | 173 | 199 | 117 | 73 | 8 | 22 |
| Corcaigh Thiar | 434 | -5% | 121 | 178 | 87 | 25 | 16 | 7 |
| Ciarraí | 620 | -23% | 137 | 273 | 129 | 48 | 21 | 12 |
| Luimneach | 1,376 | -2% | 456 | 372 | 364 | 57 | 56 | 71 |
| **Réigiún an Iarthair** | **2,123** | **-10%** | **501** | **884** | **478** | **60** | **95** | **105** |
| An Clár | 637 | 5% | 188 | 244 | 126 | 33 | 27 | 19 |
| Gaillimh | 873 | -4% | 181 | 372 | 216 | 13 | 29 | 62 |
| Maigh Eo | 356 | -26% | 66 | 169 | 69 | 13 | 26 | 13 |
| Ros Comáin/An Longfort | 257 | -27% | 66 | 99 | 67 | 1 | 13 | 11 |
| **Lasmuigh den Dlínse** | **124** | **-5%** | **11** | **48** | **22** | **2** | **37** | **4** |
| **Iomlán Náisiúnta** | **20,536** | **-15%** | **7,171 (-9%)** | **6,618 (-18%)** | **4,254 (-15%)** | **911 (-12%)** | **774 (-18%)** | **808 (-30%)** |


* *Áirítear leis sin iarratais ar fhaisnéis bhreise*

Ní hionann suim roinnt de na céatadáin agus 100 go beacht de bharr slánúcháin

## LEANAÍ A ATREORAÍODH CHUIG AN gCLÁR ATHSTIÚRTHA


Atreoraíodh 10,420 leanbh in 2013, líon a bhí 15% ní ba lú ná an 12,246 leanbh a atreoraíodh in 2012.

**Fíor 4 – Líon na Leanaí a Atreoraíodh 2007-2013**




- Ba bhuachaillí a bhí in 75% de na leanaí a atreoraíodh, agus ba chailíní a bhí in 25% díobh.

**Fíor 5 – Aois na Leanaí a Atreoraíodh 2012-2013**




- Bhí 33% de na leanaí 17 mbliana d'aois nó níos sine agus bhí 25% díobh faoi bhun 15 bliana d'aois nuair a cuireadh rabhadh orthu in 2013.

**Fíor 6 – Líon Leanaí 2013**

| Leanaí (an t-atreorúchán is déanaí) | Líon iomlán % | | Buachaillí | Cailíní |
|---|---|---|---|---|
| Rabhadh Neamhfhoirmiúil | 5,188 | 50% | 67% | 33% |
| Mí-oiriúnach don Chlár Athstiúrtha | 1,652 | 16% | 88% | 12% |
| Rabhadh Foirmiúil | 2,544 | 24% | 83% | 17% |
| Gan Gníomh Breise | 587 | 6% | 68% | 32% |
| Eile * | 449 | 4% | 85% | 15% |
| Líon Iomlán | 10,420 | 100% | 75% | 25% |

* *Áirítear leis sin iarratais ar fhaisnéis bhreise*

- Ba é Rabhadh Neamhfhoirmiúil an cineál atreorúcháin ba dhéanaí a bhí ag 50% de na leanaí a atreoraíodh. Ba bhuachaillí a bhí in 67% de na leanaí arbh é Rabhadh Neamhfhoirmiúil an rabhadh ba dhéanaí a cuireadh orthu, agus ba bhuachaillí freisin a bhí in 85% de na leanaí ar measadh iad a bheith Mí-oiriúnach don Chlár Athstiúrtha don rabhadh ba dhéanaí a cuireadh orthu.


## LEANAÍ A ATREORAÍODH CHUIG AN gCLÁR ATHSTIÚRTHA

**Fíor 7 – Líon na nAtreorúchán in aghaidh an Linbh – 2013**

| Atreorúcháin in 2013 | Líon iomlán | % | Buachaillí | Cailíní |
|---|---|---|---|---|
| 1 atreorúchán amháin | 7,287 | 70% | 71% | 29% |
| 2-3 atreorúchán | 2,073 | 20% | 82% | 18% |
| 4-5 atreorúchán | 478 | 5% | 86% | 14% |
| 6 cinn nó níos mó | 582 | 6% | 92% | 8% |

- Ní raibh ach aon atreorúchán amháin ag 70% de na leanaí a atreoraíodh, agus bhí 6 atreorúchán nó níos mó ag 6% díobh in 2013. Ar na leanaí a raibh 1 atreorúchán amháin acu in 2013, ba bhuachaillí a bhí in 71% díobh agus ba chailíní a bhí in 29% díobh. Ba bhuachaillí a bhí i dtromlach na leanaí ag a raibh 6 atreorúchán nó níos mó, agus ba chailíní iad 8% díobh.

**Fíor 8 – Próifíl Aoise de réir Líon Atreorúchán**




**Fíor 9 – Próifíl Aoise de réir Líon Atreorúchán**

| | 1 amháin | 2-3 atreorúchán | 4-5 atreorúchán | 6 nó níos mó |
|---|---|---|---|---|
| 12 bhliain | 315 | 63 | 9 | 10 |
| 13 bliana | 630 | 128 | 30 | 31 |
| 14 bliana | 1,019 | 237 | 43 | 57 |
| 15 bliana | 1,409 | 338 | 85 | 84 |
| 16 bliana | 1,618 | 503 | 105 | 139 |
| 17 mbliana | 2,214 | 775 | 192 | 244 |
| 18 mbliana | 78 | 27 | 14 | 17 |

- Is le leanaí níos sine a bhaineann comhréir níos mó de na hatreorúcháin. Ba leanaí 17 mbliana d'aois nó ní ba shine a bhí in 34% de na leanaí a atreoraíodh, agus ní raibh i gceist le leanaí 12 bhliain d'aois ach 4% de na hatreorúcháin.

**Fíor 10 – Cineál Atreorúcháin de réir Líon Atreorúchán 2013**

| Cineál Atreorúcháin | Líon Atreorúchán 2013<br>Ceann Amháin | 2-5 atreorúchán | 6 nó níos mó |
|---|---|---|---|
| **Mí-oiriúnach do Gach Cás** | 8% | 27% | 65% |
| **Rabhadh Neamhfhoirmiúil** | 68% | 29% | 3% |
| **Rabhadh Foirmiúil** | 24% | 50% | 26% |
| **Rabhadh Aisiríoch** | 36% | 44% | 19% |
| **Gan Gníomh Breise** | 65% | 27% | 7% |
| **Eile** * | 33% | 38% | 29% |

* *Áirítear leis sin iarratais ar fhaisnéis bhreise*

- Bhain tromlach na gcásanna *Rabhadh Neamhfhoirmiúil* agus *Gan Gníomh Breise* le leanaí nach raibh acu ach 1 atreorúchán amháin in 2013. Bhí 6 atreorúchán nó níos mó ag 65% de na leanaí ar measadh iad a bheith *Mí-oiriúnach don Chlár Athstiúrtha* in 2013.

## LEANAÍ A ATREORAÍODH CHUIG AN gCLÁR ATHSTIÚRTHA


**Tábla 2 – Líon na Leanaí a Atreoraíodh in 2013 de réir Réigiún agus Roinn Cónaithe**

| Réigiún / Roinne | Iomlán | % an Athraithe 2012 | Rabhadh Neamh-fhoirmiúil | Rabhadh Foirmiúil | Mí-oiriúnach | Gan gníomh breise | Eile * |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Réigiún Bhaile Átha Cliath** | **3,252** | **-17%** | **1,381** | **819** | **685** | **214** | **153** |
| Roinn an Oirthir | 366 | -15% | 175 | 64 | 65 | 28 | 34 |
| An Roinn Láir Thuaidh | 256 | -12% | 83 | 50 | 85 | 17 | 21 |
| An Roinn Thuaidh | 725 | -28% | 281 | 243 | 141 | 42 | 18 |
| An Roinn Láir Theas | 196 | -10% | 88 | 31 | 51 | 16 | 10 |
| An Roinn Theas | 746 | -7% | 362 | 147 | 151 | 52 | 34 |
| Roinn an Iarthair | 963 | -17% | 392 | 284 | 192 | 59 | 36 |
| **Réigiún an Oirthir** | **1,430** | **-12%** | **741** | **344** | **203** | **69** | **73** |
| Cill Dara | 347 | -22% | 185 | 80 | 39 | 18 | 25 |
| Laois/Uíbh Fhailí | 286 | -7% | 174 | 53 | 37 | 12 | 10 |
| An Mhí | 318 | 4% | 144 | 90 | 53 | 13 | 18 |
| An Iarmhí | 199 | -12% | 86 | 63 | 33 | 9 | 8 |
| Cill Mhantáin | 280 | -18% | 152 | 58 | 41 | 17 | 12 |
| **Réigiún an Tuaiscirt** | **1,024** | **-19%** | **571** | **262** | **111** | **33** | **47** |
| An Cabhán/Muineachán | 272 | -20% | 171 | 58 | 18 | 6 | 19 |
| Dún na nGall | 329 | -20% | 175 | 115 | 19 | 7 | 13 |
| Lú | 236 | -30% | 115 | 59 | 40 | 11 | 11 |
| Sligeach/Liatroim | 187 | 6% | 110 | 30 | 34 | 9 | 4 |
| **Réigiún an Oirdheiscirt** | **1,234** | **-13%** | **636** | **307** | **177** | **59** | **55** |
| Cill Chainnigh/ Ceatharlach | 318 | -11% | 196 | 50 | 36 | 20 | 16 |
| Tiobraid Árann | 298 | -7% | 130 | 99 | 41 | 11 | 17 |
| Port Láirge | 349 | -8% | 151 | 99 | 68 | 15 | 16 |
| Loch Garman | 269 | -26% | 159 | 59 | 32 | 13 | 6 |
| **Réigiún an Deiscirt** | **2,141** | **-15%** | **1106** | **528** | **343** | **107** | **57** |
| Cathair Chorcaí | 593 | -22% | 275 | 140 | 137 | 27 | 14 |
| Corcaigh Thuaidh | 327 | -20% | 172 | 94 | 51 | 6 | 4 |
| Corcaigh Thiar | 254 | -13% | 142 | 56 | 37 | 14 | 5 |
| Ciarraí | 353 | -11% | 224 | 74 | 29 | 16 | 10 |
| Luimneach | 614 | -7% | 293 | 164 | 89 | 44 | 24 |
| **Réigiún an Iarthair** | **1,231** | **-11%** | **710** | **266** | **125** | **70** | **60** |
| An Clár | 320 | -1% | 183 | 75 | 34 | 14 | 14 |
| Gaillimh | 515 | -9% | 307 | 103 | 52 | 27 | 26 |
| Maigh Eo | 238 | -10% | 141 | 46 | 19 | 21 | 11 |
| Ros Comáin/An Longfort | 158 | -33% | 79 | 42 | 20 | 8 | 9 |
| **Lasmuigh den Dlínse** | **108** | **-1%** | **43** | **18** | **8** | **35** | **4** |
| **Líon Iomlán** | **10,420** | **-15%** | **5,188** | **2,544** | **1,652** | **587** | **449** |

* *Áirítear leis sin iarratais ar fhaisnéis bhreise*


## RABHAIDH - RABHAIDH FHOIRMIÚLA AGUS NEAMHFHOIRMIÚLA

**Fíor 11 – Líon na Leanaí ar ar cuireadh Rabhadh Foirmiúil / Neamhfhoirmiúil 2007-2013**




- Cuireadh rabhaidh fhoirmiúla nó neamhfhoirmiúla ar 7,732 leanbh in 2013, líon atá 15% níos lú ná an líon in 2012 – bunaithe ar an atreorúchán ba dhéanaí a fuarthas. Tá an méid sin i gcomhréir leis an laghdú foriomlán (15%) ar líon na leanaí a atreoraíodh in 2013 i gcomparáid le 2012.
- Ba bhuachaillí a bhí in 72% díobh agus ba chailíní a bhí in 28% díobh.

**Fíor 12 – Céatadán na Leanaí ar ar cuireadh Rabhadh Foirmiúil / Neamhfhoirmiúil 2007-2013**




- Measadh go raibh 74% de na leanaí ar ar cuireadh rabhadh oiriúnach lena gcuimsiú sa Chlár. Rabhadh Neamhfhoirmiúil a cuireadh ar 50% díobh agus Rabhadh Foirmiúil a cuireadh ar 24% díobh – bunaithe ar an atreorúchán ba dhéanaí a fuarthas.

## AN CEARTAS AISIRÍOCH

Próiseas deonach atá sa Cheartas Aisiríoch trína nglacann an duine óg freagracht as a c(h)ion agus trína mbíonn sé/sí freagrach dóibh siúd a bhfuil díobháil déanta aige/aici dóibh. Tugtar an deis don íospartach a thuairimí a léiriú trí bhualadh leis an duine óg aghaidh ar aghaidh nó trí ligean do dhuine eile a thuairimí a léiriú ar a shon. Oifigeach Idirchaidrimh Óige (OIÓ) a dhéanann an cruinniú a eagrú agus a reáchtáil.

## CÉARD IS CUSPÓIR LEIS AN gCEARTAS AISIRÍOCH?

Déantar díobháil do dhuine nó do phobal nuair a dhéantar coir nó cion. Téann an díobháil sin i gcion ar an duine nó ar an bpobal sin ar bhealach éigin. Sa Cheartas Aisiríoch, déantar iarracht déileáil leis an díobháil trí bhíthin plé agus déantar iarracht an díobháil sin a thabhairt chun tosaigh sa phlé. Déantar é sin trí dheis a thabhairt don duine a ndeachaigh an choir i bhfeidhm air a thuairimí a léiriú. Cruthaítear deis ansin don chiontóir an díobháil a tharla de dheasca an chiona a chur ina ceart agus obair a dhéanamh ionas nach ndéanfaidh sé/sí cion eile as sin amach. Ní bhíonn breithiúnas ná milleán i gceist i bpróiseas an Cheartais Aisiríoch.

## CÉ A D'FHÉADFADH PÁIRT A GHLACADH ANN?

Gach duine a ghlacann páirt i gcruinniú Ceartas Aisiríoch, is go deonach a dhéanann siad é. Ba chóir go mbéadh Rannpháirtithe an duine óig a rinne an cion, a t(h)eaghlach agus an t-íospartach, a bheith ann. D'fhéadfadh duine éigin a bheith in éineacht leis an íospartach chun tacaíocht a thabhairt dóibh. Is féidir leis an íospartach nó an duine óig cuireadh a thabhairt d'aon duine, ar féidir leo cur go dearfach leis an bpróiseas. Tá an próiseas eagraithe ag an t-Oifigeach Idirchaidrimh don Óige (JLO) agus bíonn sé faoi chathaoirleacht an Oifigigh Idirchaidrimh don Óige (JLO) eile de ghnáth, duine a bhíonn oilte go speisialta. Ar na samplaí de dhaoine ar tugadh cuireadh dóibh freastal tá: daoine chun tacú leis an íospartach, múinteoirí, oibrithe sóisialta, oiliúnóirí spóirt agus nó oibrithe tionscadail nó óige.

## CÉARD A THARLAÍONN AG CRUINNIÚ AISIRÍOCH?

Cuireann an cathaoirleach, ar OIÓ é/í, gach duine in aithne dá chéile agus míníonn sé/sí leagan amach an chruinnithe. Tugann an duine óg míniú ar a (h)iompar. Bíonn deis ag gach rannpháirtí ansin a scéal féin a insint gan bhriseadh agus léargas a thabhairt ar an gcaoi a ndeachaigh an cion i bhfeidhm air nó uirthi. Tar éis do gach duine ar mian leis/léi rud a rá an méid sin a dhéanamh, bíonn deis freagartha ann agus deis chun ceisteanna a chur. Tugtar deis don chiontóir leithscéal a ghabháil, agus iarrtar ar an íospartach an méid lena bhfuil sé/sí ag súil ón gcruinniú a chur in iúl. Déantar plé ansin ar an mbealach is fearr chun freastal ar riachtanais an íospartaigh agus chun dul i ngleic leis an díobháil. Ansin, pléitear iompar an duine óig sa todhchaí. Nuair is féidir é, aithnítear sa chruinniú tacaí atá le cur i bhfeidhm chun cabhrú leis an duine óg gan cion eile a dhéanamh.

## CÁ REÁCHTÁLFAR AN CRUINNIÚ?

Is féidir cruinniú an Cheartais Aisiríoch a reáchtáil in ionad ar bith a bhfuil na rannpháirtithe, a bhfuil baint dhíreach acu leis an scéal, sásta leis. D'fhonn toradh fabhrach a bhaint amach, tá sé riachtanach go mothaíonn rannpháirtithe an chruinnithe slán sábháilte agus ar a gcompord. I measc ionaid dá leithéid, áirítear ionaid phobail, ionaid spóirt, ionaid pharóiste, óstáin, agus stáisiúin na nGardaí.

## CÉN TAIRBHE A D’FHÉADFADH AN tÍOSPARTACH A BHAINT AS?

Gné thábhachtach is ea go dtugtar deis labhartha d’íospartaigh, go mbíonn ar a gcumas a dtaobh féin den scéal a insint agus tionchar iomlán an chiona orthu a mhíniú. Bíonn deis acu freisin bualadh leis na ciontóirí agus a n-iompar a cheistiú. San aiseolas atá faighte ó íospartaigh, tugtar le fios gur cabhair atá sa mhéid sin chun bogadh ar aghaidh ón gcion. D’fhéadfadh an cruinniú cabhrú le híospartaigh freisin imní a shárú maidir le híospairt a d’fhéadfadh tarlú amach ansin nó freagraí a fháil ar cheisteanna atá ag dó na geirbe acu. Cé nach mbíonn aon chinnteacht ann maidir leis an toradh deiridh, d’fhéadfadh go rachadh cúiteamh airgeadais nó cineálacha eile cúitimh chun leasa na n-íospartach. Léiríodh i dtaighde a rinneadh le déanaí go raibh breis agus 90% d’íospartaigh sásta leis an gcaoi ar caitheadh leis an gcás faoin bpróiseas seo.

## AN mBEIDH MEAS AR AN bPRÍOBHÁIDEACHT?

De réir dlí, is ábhair faoi rún iad nithe a nochtar ag an gcruinniú agus ábhar aon chomhaontaithe a dhéantar, agus ní dhéanfar iad a nochtadh d’aon duine eile gan cead a fháil roimh ré ó na rannpháirtithe.

## CÉN TAIRBHE A D’FHÉADFADH AN DUINE ÓG A BHAINT AS?

Leis an gcomhdháil agus an rabhadh aisiríoch, tugtar deis don duine óg freagracht a ghlacadh as a g(h)níomhartha agus míniú a thabhairt ar a (h)iompar. Bíonn deis aige/aici leithscéal a ghabháil leis an íospartach go díreach agus, nuair is cuí, beart dearfach a ghlacadh chun an díobháil a rinneadh a chur ina ceart. Trí ghlacadh agus trí imeascadh, déanfar iarracht sa chruinniú cabhrú leis an duine óg cionta eile a sheachaint.

## AN CEARTAS AISIRÍOCH—Scéal pearsanta

Nuair a d'fhéach OIÓ le déanaí ar roinnt atreorúchán do chiontóir óg, chonaic sé gur chionta tromchúiseacha a bhí i gceist inar baineadh leas as teachtaireachtaí téacs chun duine óg eile a chiapadh agus chun bagairtí a dhéanamh uirthi. Ina theannta sin, rugadh ar an gciontóir óg ar scoil agus scian aici. Bhí an duine óg eile ag freastal ar an scoil chéanna.

Nuair a féachadh go mion ar an gcás, fuair an OIÓ amach go raibh achrann ar siúl idir an ciontóir óg agus duine óg eile ar scoil, agus ba léir go raibh an scéal ag dul in olcas. A bhuí lena thaithí ar chleachtais aisiríocha a úsáid, thuig an OIÓ gur ghá iarracht a dhéanamh an caidreamh briste idir an bheirt óga a réiteach anuas ar dhul i ngleic leis na coireanna féin.

Rinne an OIÓ obair mhór leis an duine a ndearnadh díobháil di agus lena tuismitheoirí, agus leis an gciontóir óg agus lena tuismitheoirí freisin. Mar thoradh ar an obair sin, tháinig na páirtithe ar fad le chéile ag cruinniú aisiríoch.

Rinne na daoine óga comhrá oscailte macánta lena chéile sa chruinniú agus, ag deireadh an chruinnithe, rug siad barróg ar a chéile.

Bhuail an OIÓ leis an gciontóir óg ina dhiaidh sin mar chuid den socrú maoirseachta. Fuair sé amach gur chas an cailín sin ar an gcailín eile trí thimpiste agus gur chaith siad leathuair an chloig ag caint lena chéile. Ní fhéadfaí a leithéid a shamhlú nuair a rinneadh an choir a thuairisciú agus a imscrúdú an chéad lá riamh. Mar sin féin, trí úsáid an cheartais aisiríoch agus trí na páirtithe ar fad a bhain leis an gcoir a thabhairt le chéile, ní amháin go ndeachthas i ngleic le díobháil na coire féin ach, anuas air sin, bhí an t-íospartach óg in ann a bheith ar a compord in aon chruinniú eile idir í agus an cailín eile as sin amach.

Léirítear sa sampla seo cumhacht an cheartais aisiríoch chun dul i ngleic leis an díobháil, chun caidreamh a réiteach, agus chun tabhairt níos fearr faoi atitimeachas féideartha sa phróiseas.

## AN CEARTAS AISIRÍOCH—Scéal pobail

Tharla eachtra ina ndearnadh damáiste coiriúil fairsing d'fhoirgneamh nua pobail ina raibh lucht tionscail bhig agus ceardaíochta bunaithe. Briseadh fuinneoga ina smidiríní, tógadh uirlisí garraíodóireachta, agus cuireadh araidí rothaí trí thine. Baineadh geit as na daoine díobhálaithe leis an eachtra mar chreid siad go raibh fáilte rompu sa phobal, agus bhí ar chumas an phobail áitiúil leas a bhaint as an áitreabh.

Thug an OIÓ 15 dhuine le chéile le haghaidh cruinniú aisiríoch: an cúigear ciontóirí óga mar aon lena dtuismitheoirí agus baill den ionad pobail. Rinne an OIÓ obair mhór leis na daoine díobhálaithe ionas go dtuigfidís conas a d'fhéadfadh an próiseas sin cabhrú leo bogadh ar aghaidh ón ngeit agus ón bhfaitíos a cruthaíodh leis an gcion.

Gné amháin den chleachtas aisiríoch is ea comhtháthú an phobail a éascú agus cabhrú chun caidrimh bhriste a dheisiú le cur ar chumas daoine maireachtáil i gcomhréir lena chéile. Reáchtáladh cruinniú san ionad pobail a ndearnadh damáiste dó. Chabhraigh sin leis an bpróiseas mar bhí ar chumas thuismitheoirí na n-ógánach an damáiste a rinne a leanaí a fheiceáil go cruinn. Ina theannta sin, tugadh léargas dóibh ar an bpobal daoine a bhaineann leas as an áitreabh agus ar an obair mhaith a bhíonn ar siúl acu.

D'aithin na hógánaigh a sheafóidí a bhí a gcuid gníomhartha agus ghabh siad ar fad leithscéal ó bhéal leis na baill foirne. Léirigh na tuismitheoirí an t-uafás a bhí orthu maidir lena ndearna a leanaí. Chuir na híospartaigh in iúl na mothúcháin a bhraith siad ar theacht chun a n-ionaid oibre dóibh agus gloine bhriste ar fud na háite agus an drochbhail a fágadh ar an bhfoirgneamh trí chéile. I measc na ngealltanas a rinne na hógánaigh, gheall siad go gcabhróidís leis na baill foirne agus jabanna garraíodóireachta a dhéanamh timpeall ar an ionad.

Ní amháin gur fhill an 5 ógánach chun tabhairt faoin obair, ach tháinig roinnt cairde leo freisin chun cabhrú leis an obair. Tá siad ag gabháil do chúrsa ealaíon agus tá sé beartaithe acu múrphictiúr a dhéanamh don fhoirgneamh.

Chonaic an OIÓ an t-athrú a tháinig ar an dinimic thar thréimhse roinnt seachtainí. Thug na hoibrithe pobail agus na hógánaigh a gcéadainm ar a chéile agus iad ag caint, agus bhí meon láidir pobail agus comhúinéireachta le sonrú go mór ina measc.

## AN CEARTAS AISIRÍOCH - Cionta Tráchta ar Bhóithre

Tá treoirthionscadal ar bun faoi láthair in 10 Roinn de chuid an Gharda Síochána chun tabhairt faoi chionta tráchta ar bhóithre trí chur chuige aisiríoch.

Is iad pearsanra Aonad Tráchta an Gharda i gcomhpháirt le hOifigigh Idirchaidrimh Óige atá i mbun an tionscadail. Faoin tionscadal, tugtar deis do dhaoine óga a bhfuil cion tráchta déanta acu páirt a ghlacadh sa chlár *'Ní tharlóidh sé domsa'.* Ina dhiaidh sin, glacann na rannpháirtithe (lena n-áirítear na hógthiománaithe ciontóra agus a dtuismitheoirí / a gcaomhnóirí) páirt i bplé ina mbaintear leas as prionsabail na gCleachtas Aisiríoch chun cur leis an bhfoghlaim agus chun tuiscint níos fearr a fháil ar na rioscaí a bhaineann le droch-iompraíocht tiomána ar na bóithre.

D'fhreastail ceathrar ógthiománaithe ciontóra in éineacht lena dtuismitheoirí ar imeacht maidir le Trácht ar Bhóithre/Ceartas Aisiríoch agus d'fhéach siad ar chur i láthair físe *'Ní tharlóidh sé domsa'*. Sa phlé ina dhiaidh, cuirtear béim (trí leas a bhaint as cleachtais aisiríocha) ar mhachnamh a dhéanamh ar a ndearna siad, na contúirtí atá ann a aithint tar éis dóibh féachaint ar an bhfíseán, agus gealltanais a thabhairt maidir lena n-iompraíocht tiomána as sin amach.

Cuireadh go mór leis an bplé ar an ócáid áirithe sin mar bhí fear 31 bhliain d'aois i láthair ar bhain timpiste thromchúiseach bhóthair dó nuair a bhí sé 25 bliana d'aois agus fágadh ina pharaipléigeach é. Tá an fear óg seo meáite ar rud éigin a thabhairt ar ais don tsochaí tríd an athrú atá tagtha ar a shaol de bharr timpiste bhóthair a chur in iúl.


Bhí tionchar ollmhór aige ar na tiománaithe óga agus ar a dtuismitheoirí. Trí fhéachaint ar fhíseán, a n-iompraíocht tiomána a phlé, agus ansin aghaidh a thabhairt ar íospartach de chuid timpiste bhóthair, ní raibh amhras ar bith ar na daoine óga go mbeadh orthu fíorghealltanas buan a thabhairt maidir lena n-iompraíocht tiomána as sin amach le bheith sábháilte ar na bóithre. Gheall na tiománaithe ar fad go n-athróidís a n-iompraíocht tiomána agus go dtabharfaidís aghaidh ar a n-iompraíocht, agus déanfaidh an OIÓ faireachán air sin i rith na tréimhse maoirseachta.

Tugtar glór do thuismitheoirí agus áirítear iad sa phróiseas seo, rud atá an-tábhachtach. Go mion minic, is iad na tuismitheoirí a chuireann feithicil ar fáil agus a íocann as árachas dá leanaí agus, ar an ábhar sin, tá ról ríthábhachtach ag tuismitheoirí chun tacú leis an teachtaireacht seo maidir le sábháilteacht ar bhóithre.

## CEARTAS AISIRÍOCH 2013 DE RÉIR RÉIGIÚIN AGUS ROINNE

Eisíodh 911 Rabhadh Aisiríoch in 2013, laghdú ó 1,036 Rabhadh Aisiríocha a eisíodh in 2012.

**Fíor 13 – Líon na Rabhadh Aisiríoch 2007-2013**




**Tábla 3 – Líon na Rabhadh Aisiríoch 2010-2013**

| Roinn | 2013 | % an Athraithe | 2012 | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Réigiún Bhaile Átha Cliath** | **254** | **19%** | **213** | **212** | **180** |
| Roinn an Oirthir | 11 | -39% | 18 | 18 | 31 |
| An Roinn Láir Thuaidh | 28 | 17% | 24 | 21 | 20 |
| An Roinn Thuaidh | 136 | 86% | 73 | 82 | 59 |
| An Roinn Láir Theas | 12 | 20% | 10 | 21 | 10 |
| An Roinn Theas | 6 | -14% | 7 | 14 | 16 |
| Roinn an Iarthair | 61 | -25% | 81 | 56 | 44 |
| **Réigiún an Oirthir** | **103** | **7%** | **96** | **87** | **90** |
| Cill Dara | 5 | -81% | 27 | 26 | 11 |
| Laois/Uíbh Fhailí | 28 | >100% | 9 | 19 | 28 |
| An Mhí | 29 | 71% | 17 | 23 | 11 |
| An Iarmhí | 25 | -14% | 29 | 15 | 38 |
| Cill Mhantáin | 16 | 14% | 14 | 4 | 2 |
| **Réigiún an Tuaiscirt** | **81** | **-16%** | **96** | **77** | **33** |
| An Cabhán/Muineachán | 18 | 80% | 10 | 10 | 5 |
| Dún na nGall | 36 | -40% | 60 | 31 | 8 |
| Lú | 18 | 0% | 18 | 26 | 17 |
| Sligeach/Liatroim | 9 | 13% | 8 | 10 | 3 |
| **Réigiún an Oirdheiscirt** | **144** | **-3%** | **149** | **88** | **84** |
| Cill Chainnigh/Ceatharlach | 17 | -66% | 50 | 16 | 10 |
| Tiobraid Árann | 43 | -19% | 53 | 40 | 48 |
| Port Láirge | 36 | >100% | 16 | 21 | 13 |
| Loch Garman | 48 | 60% | 30 | 11 | 13 |
| **Réigiún an Deiscirt** | **265** | **-35%** | **405** | **357** | **295** |
| Cathair Chorcaí | 62 | 7% | 58 | 102 | 162 |
| Corcaigh Thuaidh | 73 | -6% | 78 | 115 | 54 |
| Corcaigh Thiar | 25 | -34% | 38 | 44 | 32 |
| Ciarraí | 48 | -64% | 134 | 47 | 5 |
| Luimneach | 57 | -41% | 97 | 49 | 42 |
| **Réigiún an Iarthair** | **60** | **-21%** | **76** | **82** | **110** |
| An Clár | 33 | 83% | 18 | 4 | 4 |
| Gaillimh | 13 | -70% | 44 | 26 | 67 |
| Maigh Eo | 13 | 63% | 8 | 6 | 17 |
| Ros Comáin/An Longfort | 1 | -83% | 6 | 46 | 22 |
| **Eile** | **2** | **100%** | **1** | **0** | **0** |
| **Líon Iomlán** | **911** | **-12%** | **1,036** | **903** | **792** |

## LEANAÍ A MEASTAR IAD A BHEITH MÍ-OIRIÚNACH LENA gCUIMSIÚ SA CHLÁR ATHSTIÚRTHA

Measadh go raibh líon iomlán de 1,652 leanbh Mí-oiriúnach le haghaidh Rabhaidh in 2013. Laghdú 9% é sin ar an líon iomlán de 1,822 leanbh in 2012 – bunaithe ar an líon atreorúchán ba dhéanaí a fuarthas. Ba bhuachaillí a bhí in 88% díobh agus ba chailíní a bhí in 12% díobh.

Féadfar a thaifeadadh go bhfuil cás mí-oiriúnach má bhaineann ceann ar bith de na cúinsí seo a leanas leis:


- Ní ghlacann an leanbh freagracht as a (h)iompar.
- Ní thoilíonn an leanbh le rabhadh a chur air/uirthi ná, nuair is cuí, le maoirseacht ag Oifigeach Idirchaidrimh Óige.
- Ní rachadh sé chun leasa na sochaí rabhadh a chur ar an leanbh.
- Bíonn cionta á ndéanamh de shíor ag an leanbh.

Beidh an Stiúrthóir sásta gurb iomchuí an leanbh a thabhairt isteach sa Chlár, go rachaidh sé chun leas an linbh, agus go bhfuil sé ag teacht le leas na sochaí agus le leas an íospartaigh/na n-íospartach (más ann dóibh).

Nuair atá machnamh á dhéanamh ar leanbh a thabhairt isteach sa Chlár, tabharfar aird chuí ar aon tuairimí a léireoidh aon íospartach maidir le hiompar coiriúil nó frithshóisialta an linbh. Mar sin féin, ní bheidh comhthoil an íospartaigh riachtanach chun an leanbh a ghlacadh ar an gClár.


I gcás leanaí a meastar iad a bheith mí-oiriúnach, seoltar na cásanna ar ais chuig bainistíocht áitiúil an Gharda Síochána agus deimhnítear go bhfuil an leanbh mí-oiriúnach lena c(h)uimsiú sa Chlár Athstiúrtha. Déantar é sin d'fhonn ionchúiseamh a thionscnamh os comhair na Cúirte.

**Fíor 14 – Líon na Leanaí ar measadh iad a bheith Mí-oiriúnach lena gCuimsiú sa Chlár 2007-2013**



## LEANAÍ A MEASTAR IAD A BHEITH MÍ-OIRIÚNACH LENA gCUIMSIÚ SA CHLÁR ATHSTIÚRTHA

**Fíor 15 – Céatadán na Leanaí ar measadh iad a bheith Mí-oiriúnach lena gCuimsiú sa Chlár 2007-2013**




- Bhí comhréir na leanaí ar measadh iad a bheith mí-oiriúnach don Chlár cothrom le 16% in 2013, méadú ó 15% in 2012.

## CINEÁLACHA COIRE AR ATREORAÍODH LEANAÍ INA LEITH

### Tábla 4 – Cineálacha coire ar atreoraíodh Leanaí ina leith in 2013

| Grúpa Cionta / Cineál Ciona | 2013 | % den Líon Iomlán | % an Athraithe | 2012 | Comhréir de Chionta a Braitheadh in 2013* |
|---|---|---|---|---|---|
| **Goid agus Cionta Gaolmhara** | **5,611** | **27.3%** | **-6%** | **5,996** | **23%** |
| Goid ó shiopa | 3,228 | 15.7% | -3% | 3,321 | 20% |
| Goid eile | 572 | 2.8% | -24% | 752 | 14% |
| Goid ó fheithicil | 415 | 2.0% | 11% | 373 | 26% |
| Goid/tógáil neamhúdaraithe feithicle | 392 | 1.9% | -22% | 501 | 43% |
| Goid/tógáil neamhúdaraithe rothair | 387 | 1.9% | 22% | 316 | 77% |
| Láimhseáil Maoine Goidte | 328 | 1.6% | 1% | 324 | 21% |
| Goid ó dhuine | 191 | 0.9% | -26% | 257 | 18% |
| Cur isteach ar Mheicníocht Feithicle Inneallghluaiste | 96 | 0.5% | -35% | 148 | 32% |
| **Cionta i gcoinne Ord Poiblí agus cionta eile i gcoinne an Chóid Shóisialta** | **5,400** | **26.3%** | **-23%** | **6,976** | **17%** |
| Cionta i gcoinne ord poiblí | 3,019 | 14.7% | -20% | 3,787 | 13% |
| Cionta foghla | 1,020 | 5.0% | -21% | 1,296 | 58% |
| Cionta meisce | 725 | 3.5% | -18% | 889 | 10% |
| Ceannach nó Ól Alcóil ag Daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois | 445 | 2.2% | -38% | 723 | --- |
| Bailiú airgid gan cheadúnas, bailiúchán neamhúdaraithe | 54 | 0.3% | -11% | 61 | 39% |
| Gráscar/Círéib/Mí-ord Foréigneach | 47 | 0.2% | -34% | 71 | 58% |
| Déirc a iarraidh | 36 | 0.2% | -39% | 59 | 6% |
| **Damáiste do Mhaoin agus don Timpeallacht** | **2,188** | **10.7%** | **-13%** | **2,511** | **35%** |
| Damáiste coiriúil (gan coirloscadh san áireamh) | 2,004 | 9.8% | -13% | 2,303 | 34% |
| Coirloscadh | 173 | 0.8% | -12% | 197 | 61% |
| Cionta bruscair | 11 | 0.1% | 0% | 11 | 17% |
| **Iarrachtaí/Bagairtí atá bainteach le Dúnmharú, Ionsaithe, Ciapadh & Cionta Gaolmhara** | **1,442** | **7.0%** | **-12%** | **1,640** | **17%** |
| Mionionsaí | 1,004 | 4.9% | -14% | 1,172 | 19% |
| Ionsaithe is cúis le díobháil a dhéanamh | 338 | 1.6% | -10% | 377 | 16% |
| **Buirgléireacht agus Cionta Gaolmhara** | **1,401** | **6.8%** | **-14%** | **1,636** | **27%** |
| Buirgléireacht (gan trombhuirgléireacht san áireamh) | 1,218 | 5.9% | -15% | 1,433 | 28% |
| Sealbhú earra (le hintinn buirgléireachta, goidte, éilimh) | 169 | 0.8% | -3% | 174 | 25% |
| Trombhuirgléireacht | 14 | 0.1% | -52% | 29 | 12% |
| **Cionta atá bainteach le Drugaí Rialaithe** | **1,212** | **5.9%** | **1%** | **1,205** | **8%** |
| Sealbhú drugaí d'úsáid phearsanta | 978 | 4.8% | 1% | 965 | 9% |
| Sealbhú drugaí lena ndíol nó lena soláthar | 203 | 1.0% | 5% | 194 | 6% |
| Cosc faoin Acht um Mí-úsáid Drugaí | 26 | 0.1% | -32% | 38 | 7% |
| Saothrú nó déanamh drugaí | 5 | 0.0% | -38% | 8 | 1% |
| **Cionta Bóithre agus Tráchta (nach n-aicmítear in áit ar bith eile)** | **1,155** | **5.6%** | **-31%** | **1,668** | **1%** |
| Ceadúnas/Árachas/Cáin | 366 | 1.8% | -21% | 463 | 2% |
| Cionta ginearálta bóithre | 738 | 3.6% | -22% | 946 | 2% |
| **Cionta atá bainteach le hAirm agus le Pléascáin** | **486** | **2.4%** | **-17%** | **588** | **20%** |
| Sealbhú arm ionsaitheach (gan airm thine san áireamh) | 390 | 1.9% | -13% | 446 | 18% |
| Cionta atá bainteach le tinte ealaíne (díol, lasadh, srl) | 73 | 0.4% | -38% | 118 | 82% |
| **Gníomhartha Contúirteacha nó Faillíocha** | **469** | **2.3%** | **-29%** | **664** | **1%** |
| Tiomáint chontúirteach/neamhaireach agus cionta ar mhótarbhealach | 250 | 1.2% | -27% | 344 | 8% |
| Tiomáint róghasta | 109 | 0.5% | -35% | 168 | 0% |
| Tiomáint feithicle/bheith i gceannas ar fheithicil thar an teorainn dhleathach alcóil | 51 | 0.2% | -42% | 88 | 1% |
| Cionta tráchta lena gcuirtear daoine eile i mbaol | 43 | 0.2% | -7% | 46 | 38% |
| Tiomáint feithicle/bheith i gceannas ar fheithicil faoi thionchar drugaí | 9 | 0.0% | 125% | 4 | 4% |
| Daoine a chur i mbaol trína bhféadfadh díobháil thromchúiseach/bás tarlú | 7 | 0.0% | -42% | 12 | 18% |
| **Cionta atá bainteach le Robáil, Sracadh agus Forghabháil** | **339** | **1.7%** | **-9%** | **372** | **31%** |
| Robáil ó dhuine | 292 | 1.4% | -11% | 327 | 49% |
| Robáil ó fhoras nó ó institiúid | 41 | 0.2% | 14% | 36 | 9% |
| **Cionta i gcoinne an Rialtais, Nósanna Imeachta an Cheartais, Coireacht Eagraithe** | **337** | **1.6%** | **32%** | **255** | **4%** |
| Sárú bannaí | 279 | 1.4% | 42% | 197 | 5% |
| **Cionta Gnéasacha** | **253** | **1.2%** | **-13%** | **291** | **28%** |
| Ionsaí gnéasach (gan tromionsaí gnéasach san áireamh) | 175 | 0.9% | 3% | 170 | 31% |
| Éigniú fir nó mná | 43 | 0.2% | -39% | 71 | 18% |
| Truailliú buachalla nó cailín atá faoi bhun 17 mbliana d'aois | 25 | 0.1% | -39% | 41 | 61% |
| Cionta Gnéasacha Eile | 8 | 0.0% | 60% | 5 | 13% |
| Cion gnéasach lena mbaineann duine lagintinneach | 2 | 0.0% | 0% | 2 | 100% |
| **Calaois, Dallamullóg agus Cionta Gaolmhara** | **157** | **0.8%** | **-23%** | **203** | **8%** |
| **Cionta nach n-aicmítear in áit ar bith eile** | **79** | **0.4%** | **72%** | **46** | **7%** |
| **Fuadach agus Cionta Gaolmhara** | **5** | **0.0%** | **-58%** | **12** | **7%** |
| **Cionta atá bainteach le Dúnbhású** | **2** | **0.0%** | **-67%** | **6** | **5%** |
| Dúnmharú | 1 | 0.0% | -83% | 6 | 3% |
| Tiomáint chontúirteach is trúig bháis | 1 | 0.0% | --- | 0 | 4% |
| **Gach cion** | **20,536** | **100.0%** | **-15%** | **24,069** | **9%** |

**Comhréir na gCionta ag Ógánaigh i gcoinne líon iomlán na gcionta*

## TIONSCADAIL ATHSTIÚRTHA ÓIGE AN GHARDA SÍOCHÁNA

Léirítear i dTionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (TAÓGS) tiomantas corparáideach an Gharda Síochána do chur chuige comhpháirtíochta ilghníomhaireachta chun dul i ngleic leis an ógchoireacht agus le hiompar frithshóisialta ar leibhéal an phobail. Bíonn na tionscadail sin á gcistiú ag Aonad na gClár Pobail de Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig faoi scáth na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Tionscnaimh coiscthe ógchoireachta ilghníomhaireachta is ea iad atá bunaithe sa phobal. Is é an bunchuspóir atá leo daoine óga a bhí páirteach in iompar frithshóisialta agus/nó coiriúil a chur ón iompar sin trí ghníomhaíochtaí oiriúnacha a chur ar fáil chun forbairt phearsanta a éascú, freagracht shibhialta a chur chun cinn, agus feabhas a chur ar ionchais infhostaitheachta san fhadtéarma. Ina theannta sin, d’fhéadfadh na tionscadail oibriú freisin le daoine óga a bhfuil baol mór ann go mbeidh siad páirteach in iompar frithshóisialta agus/nó coiriúil. Ar an gcaoi sin, cabhraíonn na tionscadail le feabhas a chur ar cháilíocht na beatha laistigh de phobail agus le feabhas a chur ar an gcaidreamh idir na Gardaí agus an pobal.

Tá ról ríthábhachtach ag an bpobal agus ag gníomhaireachtaí áitiúla eile mar chomhpháirtithe chun na tionscadail a chur i bhfeidhm agus a sheachadadh. Cabhraíonn na tionscadail leis an nGarda Síochána agus leis na hOifigigh Idirchaidrimh Óige, go háirithe, an Clár Athstiúrtha a chur i bhfeidhm mar atá leagtha amach i gCuid 4 d’Acht na Leanaí, 2001.

I dTionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána, bítear ag obair go príomha le daoine óga idir 12 bhliain agus 18 mbliana d’aois a sháraigh an dlí nó a bhfuil baol ann go sáróidh siad an dlí. OIÓ a dhéanann leanbh a atreorú chuig tionscadal go hiondúil ach, mar sin féin, is féidir le Garda eile, gníomhaireacht eile, oibrí pobail nó duine den teaghlach leanbh a atreorú freisin.

Oibrítear leis an leanbh sa tionscadal agus leagtar amach plean idirghabhála ar leith dó/di ina ndéantar iarracht cabhrú leis an leanbh féachaint ar a p(h)róiseas cinnteoireachta chun díriú ar na cinntí ba chúis leis an gcion agus ar an ngá le hathrú. Baineann foireann an tionscadail leas as teicnící agallóireachta inspreagtha chun an t-athrú sin a éascú, agus baintear leas as an samhaltú sóisialta chun dul i ngleic le dearcadh agus le hiompar an rannpháirtí aonair.

Soláthraítear cúnamh agus tacaíocht freisin do theaghlach an rannpháirtí, agus aithnítear gur gá atreisiú dearfach a dhéanamh sa bhaile, ar scoil, laistigh de phiarghrúpaí agus sa phobal ar athruithe a dhéanann an rannpháirtí ar a d(h)earcadh agus ar a (h)iompar.

Tá oiliúint taithíochta sa samhaltú sóisialta agus i dteicnící agallóireachta inspreagtha curtha ar fhoireann uile an tionscadail agus ar OIÓnna d’fhonn feabhas a chur ar scileanna na ndaoine a oibríonn ar na tionscadail sin. Ina theannta sin, tá Oiliúint i gCleachtais Aisiríocha curtha ar roinnt de bhaill foirne na dTionscadal.

D’oibrigh Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána go dlúth le Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig i rith 2013 chun feabhas a chur ar na hidirghabhálacha arna gcur ar fáil ag na tionscadail. Go háirithe, díríodh san obair ar thorthaí na dtionscadal a athailíniú le treochtaí coireachta áitiúla. San obair sin, shainaithin lucht bainistíochta áitiúla an Gharda Síochána na príomh-shaincheisteanna a bhaineann leis an ógchiontacht ina Roinn féin agus chuaigh siad i mbun oibre leis an tionscadal chun idirghabhálacha a dhearadh agus a chur i bhfeidhm laistigh de phríomhcheantair chun dul i ngleic leis na cionta sainaitheanta.

Sampla de sin is ea Seirbhísí Óige Dheoise Chiarraí. Bhí cionta á ndéanamh ag an aos óg i gceantair áirithe i gCiarraí. Ní raibh seirbhís TAÓGS á cur ar fáil sna ceantair sin. Ní raibh na seirbhísí ag freagairt don ghá a bhí leo, mar gheall ar shuíomhanna na dtionscadal. Suíomh píolótach den chéad scoth a bhí i gCiarraí, toisc go dtacaíonn Eagraíocht Phobalbhunaithe amháin le seachadadh sé (6) thionscadal i gcontae cuimsithe. Cuireadh cur chuige straitéiseach i bhfeidhm bunaithe ar na staitisticí coireachta áitiúla i gcomhpháirtíocht le Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig, an Garda Síochána, agus Seirbhísí Óige Dheoise Chiarraí. Cumasaíodh leis sin leathnú agus for-rochtain sheachadadh na seirbhísí arna gcur ar fáil ag na tionscadail ar fud na tíre, bunaithe ar phatrúin agus ar threochtaí coireachta. Tá measúnú ar an treoirthionscadal á dhéanamh faoi láthair. Tiocfaidh moltaí chun cinn ón measúnú sin maidir leis an gcaoi ar féidir úsáid a bhaint as an taithí agus as an bhfoghlaim chun tacú le feabhsúcháin. Aiseolas dearfach atá san aiseolas atá faighte go dtí seo ó na páirtithe leasmhara ar fad, na daoine óga san áireamh.

## LÁTHAIR THIONSCADAIL ATHSTIÚRTHA ÓIGE AN GHARDA SÍOCHÁNA AR FUD NA TIRE

| Réigiún: | Roinn: | Stáisiún Áitiúil: |
|---|---|---|
| **Réigiún an Tuaiscirt** | An Cabhán / Muineachán | An Cabhán |
| | | Muineachán |
| | Sligeach / Liatroim | Sligeach |
| | Lú | Droichead Átha (x 2) |
| | | Dún Dealgan (x 2) |
| | Dún na nGall | Leitir Ceanainn |
| | | Baile na nGallóglach |
| **Réigiún an Iarthair** | An Clár | Inis |
| | | Cill Rois |
| | Gaillimh | Sráid an Mhuilinn, Gaillimh (x 2) |
| | Ros Comáin / An Longfort | Béal Átha na Sluaighe |
| | | Ros Comáin (x 2) |
| | Maigh Eo | Béal an Átha |
| | | Caisleán an Bharraigh |
| **Réigiún an Deiscirt** | Cathair Chorcaí | Garrán na mBráthar (x 2) |
| | | Baile na mBocht (x 2) |
| | | Sráid Angelsea |
| | | An Tóchar (x 2) |
| | Corcaigh Thuaidh | An Cóbh |
| | | Mala |
| | | Eochaill |
| | Corcaigh Thiar | Droichead na Bandan |
| | Ciarraí | Trá Lí (x 3) |
| | | Lios Tuathail |
| | | Cill Airne |
| | | Oileán Ciarraí |
| | Luimneach | Luimneach (x 5) |
| | | An Caisleán Nua |
| **Réigiún an Oirdheiscirt** | Tiobraid Árann | Cluain Meala (x 2) |
| | | Tiobraid Árann |
| | | Ros Cré |
| | Port Láirge | Port Láirge (x 3) |
| | | Trá Mhór |
| | | Dún Garbháin |
| | Loch Garman | Loch Garman |
| | | Inis Córthaidh |
| | | Ros Mhic Thriúin |
| | Cill Chainnigh / Ceatharlach | Cill Chainnigh |
| | | Ceatharlach |
| **Réigiún an Oirthir** | Cill Dara | An Droichead Nua |
| | | An Nás |
| | Laois / Uíbh Fhailí | Port Laoise (x 2) |
| | | Tulach Mhór (x 2) |
| | | Biorra |
| | An Mhí | An Uaimh |
| | | Baile Átha Troim |
| | An Iarmhí | Baile Átha Luain |
| | | An Muileann gCearr |
| | | An Longfort |
| | Cill Mhantáin | Bré (x 2) |
| **Réigiún Chathair Átha Cliath** | Roinn an Oirthir | Dún Laoghaire |
| | | An Charraig Dhubh |
| | Roinn Láir Thuaidh | Sráid Mhic Ghiobúin |
| | | Stáisiún na Smachtlainne |
| | | Sráid an Stórais |
| | Roinn Thuaidh | An Chúlóg (x 2) |
| | | Seantrabh (x 2) |
| | Roinn Láir Theas | Sráid Chaoimhín (x 2) |
| | Roinn Theas | Tamhlacht (x 5) |
| | | Cromghlinn (x 2) |
| | Roinn an Iarthair | Cluain Dolcáin (x 3) |
| | | Baile Bhlainséir (x 4) |
| | | Fionnghlas |

## ‘ANAILÍS AR AN ÓGCHOIREACHT’ – TORTHAÍ TAIGHDE A RINNE SEIRBHÍS ANAILÍSE AN GHARDA SÍOCHÁNA

D’fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar shaintréithe na hógchoireachta agus d’fhonn cabhrú le freagairtí agus le hidirghabhálacha níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a dhíriú ar dhaoine óga, d’iarr an Coiste ar Sheirbhís Anailíse an Gharda Síochána (SAGS) anailís a dhéanamh ar an ógchoireacht.

Díríodh ar réimsí áirithe cionta (cionta alcóil agus drugaí) agus ar chatagóirí áirithe ciontóirí (banchiontóirí agus ciontóirí ilghníomhacha). Rinneadh anailís ar an gcomhthéacs inar tháinig laghdú ar an ógchoireacht, mar aon le hanailís ar shuíomh Thionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (TAÓGS) maidir le láithreacha ógchoireachta móra agus líon na n‑atreorúchán ó Oifigigh Idirchaidrimh Óige (OIÓ).

Seo a leanas achoimre ar na torthaí:

### Anailís ar na tosca a bhfuil tionchar acu ar an laghdú ar ráta na n‑atreorúchán chuig an gClár Athstiúrtha Ógánach ó 2011.

- Anuas ar an laghdú ar an ógchoireacht in Éirinn le roinnt blianta anuas, tharla laghdú freisin ar an gcoireacht fhoriomlán.
- Tá an patrún sin le sonrú go hidirnáisiúnta freisin i ndlínsí amhail Sasana agus an Bhreatain Bheag, Albain, na Stáit Aontaithe, agus an Nua-Shéalainn.
- Tá méadú tagtha ar chomhréir an daonra a bhaineann amach leibhéal iar-bhunoideachais shinsearaigh ar a laghad ó 68% in 1992 go 88% in 2011.
- Tháinig feabhas mór ar an bhfeidhmiú léitheoireachta agus matamaitice i mbunscoileanna DEIS (Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh) idir 2007 agus 2013.
- Tá laghdú tagtha ar líon na ndaoine óga a thugann le fios gur úsáid siad alcól, toitíní nó cannabas (sa 30 lá a chuaigh thart) ó 73%, 33% agus 17% faoi seach in 2003 go 50%, 21% agus 7% faoi seach in 2013.
- Tá feabhas tagtha ar rátaí atitimeachais 3 bliana maidir le daoine faoi bhun 18 mbliana d’aois atá ar promhadh nó faoi ordú seirbhíse pobail ó 68.5% i gcás chohórt 2007 go 58.1% i gcás chohórt 2008.
- Tá sé réasúnta bheith ag súil gur dócha go mbeidh tionchar ag an obair atá déanta ag an nGarda Síochána, ag na hOIÓnna agus na TAÓGSanna go háirithe, ar an laghdú ar an ógchoireacht atá le sonrú le déanaí. Mar sin féin, níl meicníocht an tionchair sin dearbhaithe ina hiomláine go fóill agus tá tuilleadh oibre le déanamh sa réimse seo.

### Anailís ar an gcatagóir ógánach lena mbaineann rátaí arda athchiontaithe

- I gcás 4% de na daoine óga a atreoraíodh, atreoraíodh iad 10 n‑uaire nó níos mó sna 3 bliana seo a chuaigh thart.
- Baineann an 4% sin, nó 1,065 dhuine aonair, le 29% de na cionta ar fad lenar bhain atreorúchán sa tréimhse 3 bliana sin.
- Is le ciontóirí ilghníomhacha óga a bhaineann breis agus leath de na hatreorúcháin maidir le Buirgléireacht, Tógáil Neamhúdaraithe (Feithicle), Goid ó Fheithicil Inneallghluaiste, agus Robáil ó Dhuine.
- Is buachaillí iad 92% de na ciontóirí óga is ilghníomhaí.
- Meastar go bhfuil an duine ‘Mí-oiriúnach don Rabhadh’ i gcás 80% de na cinntí atreorúcháin a dhéantar don chohórt is ilghníomhaí, agus cuirtear Rabhadh Neamhfhoirmiúil ar chomhréir an‑bheag díobh.
- Rinne 74% de chiontóirí ilghníomhacha óga cion agus iad faoi bhun 16 bliana d’aois.
- Ba le ciontóirí ilghníomhacha a bhain breis agus leath de na hatreorúcháin a rinneadh i gcás daoine óga faoi bhun 16 bliana d’aois maidir le Buirgléireacht, Tógáil Neamhúdaraithe (Feithicle) agus Robáil ó Dhuine – ní raibh ach 5% díobh siúd faoi bhun 16 bliana d’aois ar atreoraíodh iad mar gheall ar Cheannach/Ól Alcóil ag duine faoi bhun 18 mbliana d’aois ina gciontóirí ilghníomhacha.

## 'ANAILÍS AR AN ÓGCHOIREACHT' – TORTHAÍ TAIGHDE A RINNE SEIRBHÍS ANAILÍSE AN GHARDA SÍOCHÁNA

**Anailís ar an gcineál coire lena ngabhann ógánaigh mhná agus rátaí atitimeachais.**

- Cailíní a bhí in 25% de na daoine óga a atreoraíodh, nó duine as gach ceathrar.
- Ba Ghoid ó Shiopa a bhí in 46% de na hatreorúcháin a bhain le banchiontóirí óga. Díol suntais is ea Goid ó Shiopa mar is mó cailíní ná buachaillí a atreoraítear i gcás an chiona sin.
- Léirítear i bpróifíl aoise na mbanchiontóirí gur cionta a bhaineann le Goid ó Shiopa na cionta is coitianta i measc cailíní, go háirithe i measc cailíní faoi bhun 14 bliana d'aois (is le Goid ó Shiopa a bhaineann 73% de na hatreorúcháin i gcás daoine óga faoi bhun 14 bliana d'aois). Tagann méadú ar an gcineál ciona seo tar éis aois 12 bhliain go buaicphointe ag aois 15 bliana. Tagann laghdú air ina dhiaidh sin go dtí aois 17 mbliana i gcás banchiontóirí.
- Baineann mionchionta maidir le meisce agus le hionsaí a mbuaic amach freisin ag aois 15 bliana i gcás banchiontóirí.
- Is dóichí i bhfad gur chiontóirí aonuaire a bheadh i mbanchiontóirí.

**Anailís ar eachtraí ógchoireachta lenar bhain alcól/drugaí.**

- Bhain 28% de na hatreorúcháin sa 12 mhí atá faoi chaibidil le cionta a bhí bainteach le halcól agus drugaí. Bhain 22% díobh le cionta a bhí bainteach le halcól, agus bhain 6% díobh le cionta a bhí bainteach le drugaí.
- Bhí cionta a bhí bainteach le hOrd Poiblí, Sealbhú Simplí agus Meisce le sonrú i measc na 10 gcion is coitianta ar atreoraíodh daoine óga ina leith sa tréimhse 12 mhí go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2013, agus iad sa dara, sa séú agus san ochtú háit ar an liosta faoi seach.
- Tá laghdú mór tagtha ar chionta atá bainteach le halcól le roinnt blianta anuas, agus tharla mórchuid an laghdaithe sin sa tréimhse 12 mhí is déanaí.
- Níor tháinig ach laghdú 4% ar chionta a bhí bainteach le drugaí le 12 mhí anuas in ainneoin laghdú 22% ar líon na gcuardach ar thóir drugaí a rinneadh ar dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.
- Léirítear sna sonraí freisin gur ciontóirí aonuaire iad 92% de bhanchiontóirí atá bainteach le halcól i gcomparáid le 82% de na ciontóirí sa ghrúpa sin ar fir iad.
- Ciontóirí aonuaire is ea iad 84% de chiontóirí atá bainteach le drugaí, agus is ciontóirí aonuaire iad seisear as gach seachtar ciontóirí lena mbaineann cionta maidir le Sealbhú Simplí agus Díol / Soláthar Drugaí.

**Anailís ar na láithreacha ógchoireachta móra, agus ailíniú Thionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (TAÓGS) á chur san áireamh.**

- Tá 49% den daonra idir 12 bhliain agus 17 mbliana d'aois, agus 66% de na daoine ar atreoraíodh iad, ina gcónaí laistigh de cheantar TAÓGS.
- Taifeadadh atreorúcháin óige in 92% d'Fho-Ranna an Gharda Síochána. In 45% de na ceantair sin, taifeadadh gur atreoraíodh cúigear nó níos lú sa 12 mhí seo a chuaigh thart.
- Atreoraíodh 50 duine óg nó níos mó sa 12 mhí seo a chuaigh thart in 54 Fho-Roinn. Tá TAÓGS ar fáil faoi láthair in 49 de na Fo-Ranna sin.
- I gcás an tríú cuid de na daoine óga a atreoraíodh, níl cónaí orthu laistigh de cheantar TAÓGS.
- An ceantar gan TAÓGS is airde a aicmítear, tá sé sa 18ú háit ar an iomlán i dtéarmaí líon na ndaoine a atreoraíodh de réir Fo-Roinne. I measc an 50 Fo-Roinn den Gharda Síochána gan TAÓGS is airde a aicmítear, níl ann ach 5 Roinn inar atreoraíodh 50 duine nó níos mó – i gcomparáid le 54 Fho-Roinn ar fud na tíre inar atreoraíodh 50 duine nó níos mó.

## ‘ANAILÍS AR AN ÓGCHOIREACHT’ – TORTHAÍ TAIGHDE A RINNE SEIRBHÍS ANAILÍSE AN GHARDA SÍOCHÁNA

### Anailís ar an líon leanaí arna n-atreorú chuig TAÓGS ag OIÓnna.

- Bhí 5,052 dhuine óga páirteach i dtionscadal in 2012, laghdú 11% ar an líon iomlán in 2011.
- B’atreorúcháin phríomhúla iad 55% de na daoine óga a bhí páirteach i dtionscadal in 2012.

### Tuairimí an Choiste:

- Dá mbeadh duine faoi bhun 16 bliana d’aois páirteach i mBuirgléireacht, i dTógáil Neamhúdaraithe (Feithicle) agus i Robáil ó Dhuine, d’fhéadfadh gur léiriú a bheadh ann ar chlaonadh i dtreo na ciontachta ilghníomhaí de réir mar a rachaidh an duine in aois. Fadhb a bhaineann leis an ngrúpa seo ná gur dócha go meastar iad a bheith mí-oiriúnach do rabhadh agus, ar an ábhar sin, nach mbaineann siad le sainchúram na dtionscadal (TAÓGS). Mar sin féin, dá sainaithneofaí na daoine sin ag aois óg roimh dóibh gabháil don chiontacht ilghníomhach agus roimh dóibh bheith mí-oiriúnach do rabhadh, d’fhéadfadh an TAÓGS na daoine óga sin a mhealladh agus tionchar dearfach áirithe a imirt ar a saol.

- Ciontóirí aonuaire is ea iad banchiontóirí óga de ghnáth agus bíonn siad ag gabháil do Ghoid ó Shiopa go hiondúil. Is ag aois 15 bliana is mó a dhéantar na cineálacha ciona is coitianta, agus tagann laghdú ar an gclaonadh ina dhiaidh sin. Ábhar imní don choiste is ea an ráta atreoraithe a bhaineann le hógánaigh mhná (25%), ach cuireann an coiste fáilte roimh an toradh gur ciontóirí aonuaire iad na ciontóirí sin go hiondúil.

- Tá comhréireanna ciontóirí aonuaire os cionn an mheáin ag baint leis na cionta atá bainteach le halcól agus le drugaí araon. D’fhéadfadh gur léiriú atá ann go bhfuil tionchar díspeagtha ar na daoine óga sin ag baint le hidirghabháil ó na Gardaí, mar tá comhréir mhór de na ciontóirí sin nach ngabhann do chionta eile ina dhiaidh sin. Cuireann an coiste fáilte roimh an laghdú suntasach atá tagtha ar líon na gcionta atá bainteach le halcól le roinnt blianta anuas. Fáiltíonn an coiste freisin roimh an toradh gur ciontóirí aonuaire go hiondúil iad comhréir mhór de na ciontóirí sin agus de na ciontóirí atá bainteach le drugaí.

- Is cosúil go bhfuil comhghaol idir méadú ar leibhéil oideachais, laghdú ar úsáid alcóil, toitíní agus drugaí, agus laghdú ar chionta i measc an aosa óig.

- Oireann dáileachán an 100 tionscadal (TAÓGS) go maith do raon geografach an daonra agus do dhaonra na ndaoine óga arna n‑atreorú. In ainneoin go dtugtar le tuiscint sna torthaí go bhfuil na tionscadail suite san áit cheart go ginearálta, d’fhéadfaí an scéim a leathnú amach chuig ceantair nua trí cheantar na dtionscadal reatha a leathnú nó trí thionscadail nua a chur ar bun. Léiríodh ceantair sa taighde ina bhféadfadh TAÓGS bheith éifeachtach.

## TUAIRIMÍ AGUS MOLTAÍ

*Aithníonn an coiste na nithe seo a leanas:*

- *Obair Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána agus na nOifigeach Idirchaidrimh Óige ar fud na tíre i seachadadh an Chláir Athstiúrtha.*

- *Na hiarrachtaí leanúnacha chun an Ceartas Aisiríoch agus Cleachtais Aisiríocha a chur chun cinn.*

- *An obair idirghníomhaireachta atá á déanamh idir Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána agus Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus Eagraíochtaí Neamh-Rialtasacha.*

- *An ról atá ag Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána chun tacú leis an gClár Athstiúrtha.*

- *Tábhacht Chlár Scoile an Gharda Síochána chun tacú le leanaí agus chun caidreamh a bhunú le daoine óga.*

*Molann an coiste go ndéanfaí na nithe seo a leanas:*

- *Leanfaidh Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána d'oibriú le hOifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána chun próifíliú a dhéanamh ar cheantair ina bhfuil leibhéal ard coireachta d'fhonn freagairtí agus idirghabhálacha níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a dhíriú ar dhaoine óga.*

- *Déanfar mion-anailís bhreise maidir le ciontóirí ilghníomhacha.*

- *Déanfar TAÓGSanna a leathnú amach chuig ceantair nua trí cheantar na dtionscadal reatha a leathnú nó trí thionscadail nua a chur ar bun faoi mar a éilítear i dtorthaí an taighde 'Anailís ar an Ógchoireacht'.*

- *Déanfar anailís ar éifeachtacht TAÓGSanna i dtéarmaí laghdú na coireachta i measc na ndaoine atá páirteach i dtionscadail faoi láthair nó a bhí páirteach iontu roimhe seo.*

- *Bainfidh Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána leas as saineolas Sheirbhís Anailíse an Gharda Síochána chun rianú leanaí a chumasú tríd an gcumas chun tacú leis an Straitéis Náisiúnta Taighde agus Sonraí maidir le Saol Leanaí 2011-2016.*